Polasaí na Gaeilge i nGaelcholáiste Phort Láirge

An Shaeilge Teanga Labharcha an Choláiste

Tá an Polasaí seo fite fuaite le Cód Iompair an Choláiste.

Baineann an polasaí le:

Gaelcholáiste Phort Láirge agus pobal an choláiste.

Cúis

Is ann do Ghaelcholáiste Phort Láirge chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa chathair agus sa cheantar máguaird agus chun sár oideachas lán Ghaeilge a chur ar fáil i bPort Láirge.

Aidhmeanna

- Go bhfeidhmeoidh an coláiste trí mheán na Gaeilge.
- Go gcothófaí cruinneas agus saibhreas teanga, le go mbeidh ard chaighdeán Gaeilge sa choláiste.
- Go spreagfaí an teanga Ghaeilge, traidisiúin na tíre agus an cultúr Gaelach sa choláiste agus taobh amuigh den choláiste.
- Go gcothófaí meas agus tuiscint don Ghaeilge i measc scoláirí agus pobal an choláiste uile agus go mbeidís in ann é sin a léiriú ina ngnáth saol laethúil.
- Go mbeifí den dóchas go roghnódh na daltaí an Ghaeilge mar chéad teanga chumarsáide go fad saol.

Cur i bhFeidhm agus monatóireacht i measc na nDaltaí

- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide agus teanga teagaisc an choláiste.
- Caithfidh gach scoláire caighdeán sásúil Gaeilge a léiriú, glacadh agus cloí le héiteas lánGhaeilge na scoile chun áit a fháil agus a choimeád sa choláiste.
- Labhróidh gach dalta an Ghaeilge i gcónaí i dtimpeallacht an Choláiste, ar thurais/ócáidí an Choláiste, ag teacht chuig agus ag imeacht abhaile ón scoil agus nuair atá éide na scoile air/uirthi.
- Is trí Ghaeilge a dhéanfaidh na daltaí scrúduithe tí agus scrúduithe Stáit sa choláiste ach amháin i gcás an Bhéarla.
- Déanfar gach iarracht an cultúr Gaelach a spreagadh trí pháirtíocht i ngrúpaí ceoil, damhsa, scoraíochtaí, drámaíocht, díospóireacht agus imeachtaí Gaeilge agus Gaelacha eile.
- Tabharfar aitheantas do na scoláirí is mó a léiríonn díograis agus dílseacht don Ghaeilge.
- Spreagfar ranganna sinsearacha chun dea-shampla a léiriú do na ranganna sóisearacha.
- Meabhrófar tábhacht na Gaeilge do na scoláirí go rialta.
- Tá próiseas faoi leith leagtha amach sa Chód Iompair i dtaobh bhriseadh Riail na Gaeilge. Tugtar cóip den Chód Iompair do gach clann le léamh agus le síniú.
- Tabharfar cabhair faoi leith do scoláirí nach bhfuil líofa sa Ghaeilge.
- Úsáidfear an leagan Gaeilge (más ann dó), de shloinne gach dalta sa scoil.
- Mealltar na daltaí chun an leagan Gaeilge dá nainmeacha/sloinnte a úsáid le mórtas.

Cur i bhfeidhm i measc na Foirne agus Bainistíochta .

- Cuirfear inniúlacht agus fonnmhaireacht Ghaeilge a úsáid san áireamh nuair atá múinteoirí agus baill foirne á gceapadh do Ghaelcholáiste Phort Láirge.
- Reachtálfar agallaimh do phostanna i nGaelcholáiste Phort Láirge trí mheán na Gaeilge.
- Cuirfear Polasaí Gaeilge an Ghaelcholáiste in iúl do gach ball foirne.
- Gaeilge an meán teagaisc do gach ábhar sa scoil ach amháin i gcás teangacha a núsáidtear an modh díreach lena dteagasc.
- Gaeilge an meán cumarsáide a úsáidfidh an fhoireann le cumarsáid agus gnó a dhéanamh i measc na foirne agus leis na daltaí.
- Beidh Aifreann agus deasghnátha an choláiste go hiomlán trí Ghaeilge.
- Eagrófar cruinnithe de Bhord Bainistíochta an Ghaelcholáiste trí mheán na Gaeilge.
- Spreagfar tuismitheoirí agus cuairteoirí eile chun Gaeilge a úsáid sa choláiste nuair a léiríonn siad cumas nó suim ann.
- Bheifí ag súil go mbainfeadh múinteoirí úsáid as an leagan Gaeilge dá nainmneacha ar scoil.
- Déanfaidh an príomhoide, múinteoirí agus scoláirí monatóireacht rialta ar an bpolasaí.
- Tabharfaidh an Bord Bainistíochta, Coiste na dTuistí agus tuistí an choláiste tacaíocht don pholasaí.

Deatha teanga i s labhairt

Glactha agus faofa ag cruinniú an Bhoird Bhainistíochta ar:

Dáta: _____

Síniú: _____ (An Cathaoirleach)

Síniú: _____ (an Phríomhoide)